

Cosc ar thobac

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin gcosc ar thobac in Éirinn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Béarla a chur ar na focail seo?

i láthair oibre	cuir i bhfeidhm	
ag ullmhú reachtaíochta		an ruaig a chur
dea-shampla	iniúchadh	slite
daonra	laghdaithe	laistigh
	míshláintiúil	ábhar tacaíochta

Féachaigí ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh na focail a thuiscint.

Ceist 2 Anois, féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cé mhéad bliain ó shin a cuireadh cosc ar thobac a chaitheamh in áiteanna oibre?
2. An raibh Éire ceannródaíoch maidir leis an riail sin a chur i bhfeidhm? Cén fáth?
3. Cad a bhí le rá ag James Reilly agus ag Bríd Ní Laoithe?

Ceist 3 Cén chanúint atá ag Sorcha Ní Riada agus Bríd Ní Laoithe? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?

Ceist 4 Is minic a athraíonn réamhfocail shimplí brí nathanna cainte. Cuir na frásaí thíos in abairtí lena mbrí a léiriú.

i bhfeidhm **vs.** i bhfeidhm *ar*
ag cur *as de* **vs.** ag cur *le* rud
éirigh **vs.** éirigh *le* **vs.** éirigh *as*

Ceist 5 ‘...difríocht mhór...’

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht **mór**?
2. Féach ar na focail eile seo a bhí sa mhír, an bhfuil siad firinscneach nó baininscneach?
3. Cuir aidiachtaí ina ndiaidh anois. Tá an chéad cheann déanta duit.

bliain	(bain)	<i>bliain mhaith</i>
obair	()	_____
rialtas	()	_____
gluaisteán	()	_____

tír	()	_____
iniúchadh	()	_____
céim	()	_____
galar	()	_____
saol	()	_____
tacaíocht	()	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil aithne agat ar éinne a chaitheann tobac?
2. An gcaitheann tú féin tobac? Cén fáth?
3. An mbeadh riail mar sin (cosc ar chaitheamh tobac sa ghluaisteán) ag cur isteach ar chearta an duine, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

i láthair oibre	<i>in a workplace</i>
cuir i bhfeidhm	<i>implement</i>
ag ullmhú reachtaíochta	<i>preparing legislation</i>
an ruaig a chur	<i>to dispel</i>
dea-shampla	<i>good example</i>
iniúchadh	<i>inspection</i>
slite	<i>ways</i>
daonra	<i>population</i>
laghdaithe	<i>decreased</i>
laistigh	<i>within</i>
míshláintiúil	<i>unhealthy</i>
ábhar tacaíochta	<i>supporting material</i>

Ceist 2

1. Deich mbliana ó shin.
2. Bhí, mar chuir tíortha eile an rial i bhfeidhm tar éis d'Éirinn é a dhéanamh.
3. Féach an script.

Ceist 3

Tá canúint na Mumhan ag an mbeirt acu. Samplaí ón gcanúint:

- ag an dtír
- laistigh
- fuaimnítear *tá* mar *thá*
- béim: i gcanúint na Mumhan, go minic, bíonn an bhéim ag deireadh an fhocail ach i gcanúintí eile bíonn an bhéim ag an tús. (**Bábóg** v. **bábóg** agus **bailiúchán** v. **bailiúchán**)

Ceist 4

cuir i bhfeidhm (put into effect) **vs.** cuir i bhfeidhm *ar* (impose)
ag cur as de (annoying, bothering) **vs.** ag cur *le* rud (adding to something)
éirigh (get up) **vs.** éirigh *le* (succeed) **vs.** éirigh as (give up)

Ceist 5

1. Tá an focal **difríocht** baininsneach.
2. agus 3.

bliain	(bain)	<i>bliain mhaith</i>
obair	(bain)	<i>obair dheacair</i>
rialtas	(fir)	<i>rialtas chorbach</i>
gluaisteán	(fir)	<i>gluaisteán dubh</i>
tír	(bain)	<i>tír bheag</i>
iniúchadh	(fir)	<i>iniúchadh cliniciúil</i>
céim	(bain)	<i>céim thábhachtach</i>
galar	(fir)	<i>galar tromchúiseach</i>
saol	(fir)	<i>saol fada</i>
tacaíocht	(bain)	<i>tacaíocht mhór</i>

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá deich mbliana ann ó cuireadh an cosc tobac a chaitheamh ar an láthair oibre i bhfeidhm sa tír seo. Anois, tá an rialtas ag ullmhú reachtaíochta chun cur leis seo, is é sin cosc a chur ar chaitheamh tobac i ngluaisteáin ina mbeadh leanaí agus i gclósanna¹ spraoi chomh maith.

Sorcha Ní Riada

Tá sé deich mbliana ó shin anois ó cuireadh an ruaig ar lucht caite tobac ó thithe tábhairne agus tithe ósta ar fud na tíre. D'éirigh chomh maith sin leis gur lean tíortha eile ar fud na cruinne an dea-shampla leagtha amach ag an dtír² seo. Tá an rialtas anois ag déanamh iniúchadh ar shlite eile, féachaint le hé a dhéanamh neamhghnách go bhfeicfí daoine ag caitheamh tobac.

James Reilly, TD, An tAire Sláinte

Tá an-dul chun cinn déanta againn agus an chéad chéim eile ná na billí chun an pacáiste a aistriú, ionas go mbeidh pictiúir ann ag taispeáint an damáiste a dhéanann an tobac do dhaoine. Agus céim eile ná ag cur cosc ar chaitheamh tobac i ngluaisteáin ina mbíonn daoine nó páistí.

Bríd Ní Laoithe, Riarthóir Ash Ireland.

Tá difríocht mhór tagtha ar shaol na ndaoine in Éirinn le deich mbliana, abair, cur i gcás, deich mbliana ó shin bhí 29% den daonra ag caitheamh tobac ach anois tá sé laghdaithe go 21%. So, sin difríocht mhór laistigh de dheich mbliana. Níl daoine sásta cur suas le caitheamh tobac a thuilleadh, is dóigh liom, in áiteanna sóisialta, mar tuigeann siad anois cé chomh míshláintiúil atá sé. Agus, chomh maith... daoine le galair ar nós asma, agus mar sin, tá difríocht mhór déanta aige do shaol na ndaoine sin.

Sorcha Ní Riada

Táthar ag iarraidh tuilleadh ábhar tacaíochta a chur ar fáil le cabhrú leo siúd atá ag iarraidh éirí as na toitíní amach anseo. Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

¹ clóis atá sa Chaighdeán Oifigiúil

² ag an dtír a deirtear i gcanúint na Mumhan; ag an tír atá sna canúintí eile.